# Baile Munna go Lár na Cathrach

3

## Bealach Roghnaithe na Croíchonaire Bus

An Tríú Babhta Comhairliúcháin Phoiblí Samhain 2020



Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1. Réamhrá** | | **1** |
| 1.1 | Cad is BusConnects ann? | 1 |
| 1.2 | Cé na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ag Croíchonairí Bus BusConnects? | 3 |
| 1.3 | Cad a tharla go dtí seo? | 4 |
| 1.4 | Cad atá sa bhróisiúr seo? | 4 |
| 1.5 | Léarscáil de na 16 chroíchonair bus uile | 6 |
| **2. Cad atá ag tarlú le míonna beaga anuas?** | | **7** |
| 2.1 | Dearadh Teicniúil | 7 |
| 2.2 | Measúnacht Tionchair Timpeallachta | 7 |
| 2.3 | An Tionchar Iompair | 7 |
| 2.4 | An Ríocht Uirbeach | 9 |
| 2.5 | Léarscáileanna agus Sceidil i dtaca le Ceannach Éigeantach | 9 |
| 2.6 | An Amlíne le haghaidh Phróiseas na gCroíchonairí Bus | 10 |
| **3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | | **11** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 11 |
| 3.2 | Conas is féidir ionchur a thabhairt | 11 |
| 3.3 | Cad é an chéad chéim eile? | 11 |
| **4. Cur Síos ar an mBealach Roghnaithe** | | **13** |
| 4.1 | Forbhreathnú | 13 |
| 4.2 | Bóthar San Maighréad go hAscaill Uí Choileáin – Bóthar Bhaile Munna | 14 |
| 4.3 | Ascaill Uí Choileáin go hAscaill Uí Ghríofa – Bóthar Bhaile Munna | 14 |
| 4.4 | Córas Aontreo Ascaill Uí Ghríofa/Bhóthar Mobhí/Bhóthar Bhaile Munna | 14 |
| 4.5 | Ascaill Uí Ghríofa go Bóthar Fhionnghlaise (Coirnéal Uí Airt) – Bóthar Mobhí, Bóthar Gharraithe na Lus | 15 |
| 4.6 | Bealach Atreoraithe Tráchta amach ó Bhóthar Mobhí | 16 |
| 4.7 | Sráidbhaile Ghlas Naíon go Bóthar Bhaile Munna | 16 |
| 4.8 | Bóthar an Ghoirt Aoibhinn go Bealach na Radharc | 16 |
| 4.9 | Bealach na Radharc (Coirnéal Uí Airt) go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh (Coirnéal Uí Dhúill) | 16 |
| 4.10 | An Cuarbhóthar Thuaidh (Coirnéal Uí Dhúill) go Cé Árann | 17 |
| 4.11 | Idirghníomhaíocht le MetroLink | 17 |
| 4.12 | Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe a Foilsíodh i mí an Mhárta 2020 | 19 |
| 4.13 | Eochairfhíricí | 20 |
| **5. An téarmaíocht a thuiscint** | | **21** |
| **6. Aguisíní** | | **23** |
| 6.1 | Léarscáil Innéacs | 24 |
| 6.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 26 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus agus iompair inbhuanaithe. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais um fheabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile. Bíonn Baile Átha Cliath ag fás agus teastaíonn uaidh gréasán ar féidir leis freastal ar chathair i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht.

Cuirtear BusConnects ar áireamh i gClár an Rialtais 2020 dar teideal "Our Shared Future" agus sna straitéisí seo a leanas ón Rialtas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027;
- An Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035
- An Plean Gnímh don Aeráid 2019.












## Clár atá comhdhéanta de naoi ngné is ea BusConnects, Baile Átha Cliath:

**BUS** **230km** of bus priority making journeys faster and more reliable

**CYCLE** **200km** of cycle routes

Transitioning to a new **low emissions bus fleet**

State of the art **ticketing system**

**Cashless payment system**

**Simpler fare structure**

**New Park & Ride** sites in key locations

**New bus livery** providing a common style across all operators

**New bus stops and shelters** with better signage and information

**Dublin area bus network redesign** creating a more efficient network with high frequency spines, new orbital routes and increased bus services

## 1.2 Cé na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ag Croíchonairí Bus BusConnects?

**Aidhmeanna:** Tá sé mar aidhm ag Croíchonairí Bus BusConnects bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar chonairí tábhachtacha rochtana i réigiún Bhaile Átha Cliath, rud lena ndéanfar gluaiseacht iompair inbhuanaithe a bheidh éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite a chumasú agus a sholáthar feadh na gconairí sin.

### Cuspóirí:



**Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú** trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta;



**Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar,** ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;



**Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile** trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí; agus



**An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta,** agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir;



**Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i mBaile Átha Cliath a chumasú do ghlúine** an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar;



**A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach le linn** an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta.

## 1.3 Cad a tharla go dtí seo?

Idir mí na Samhna 2018 agus mí na Bealtaine 2019, sheol an tÚdarás Náisiúnta Iompair an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí maidir le tograí le haghaidh na mBealaí is Dealraithí a Roghnófar do na 16 Chroíchonair Bus ar fud Bhaile Átha Cliath. Le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin, fuaireamar 13,000 aighneacht san iomlán. Rinneadh na haighneachtaí sin a athbhreithniú agus a bhreithniú mar chuid den phróiseas dearaidh le haghaidh na rogha Bealaigh Roghnaithe do gach conair.

Cuireadh tús le dara babhta comhairliúcháin phoiblí ar na roghanna Bealaigh Roghnaithe i mí an Mhárta 2020 agus lean sé ar aghaidh go dtí lár mhí Aibreáin 2020. D'ainneoin na paindéime Covid-19 agus na srianta a thug an Rialtas isteach ina dhiaidh sin, lean an comhairliúchán ar aghaidh de bharr na suime a léiríodh ann. Ba trí ríomhphoist, tríd an ngnáthphost, trí chomhráite fóin agus trí aighneachtaí ar líne a fuarthas na ceisteanna agus na haighneachtaí ón bpobal toisc go raibh an fhaisnéis ar fad ar fáil lena léamh ar shuíomh Gréasáin BusConnects.

Cinneadh i mí an Mhárta go gcuirfí tríú babhta comhairliúcháin phoiblí ar siúl go mall sa bhliain chun tuilleadh deiseanna a thabhairt don phobal an tacar dearaí is déanaí a athbhreithniú agus aiseolas a chur isteach ina leith.

## 1.4 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann amháin de 16 dhoiciméad, a bhfuil gach ceann díobh tiomnaithe do chroíchonair bus ar leith. Tugtar cur síos i scríbhinn sa doiciméad ar an mBealach Roghnaithe ó thús go deireadh agus tugtar léarscáileanna tacaíochta leis. Áirítear leis an doiciméad na leasuithe uile a rinneadh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin phoiblí i leith, más ann. Áirítear leis freisin amlíne leasaithe le haghaidh an clár a chur ar aghaidh de bharr impleachtaí Covid-19.

Maidir leis na bróisiúir ina dtugtar mionsonraí faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar agus na bróisiúir ón dara babhta comhairliúcháin ní ba luaithe i mbliana, tá siad ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**.

Is féidir sainmhínithe ar an téarmaíocht a úsáidtear sa doiciméad seo a fháil i gcaibidil 4 den bhróisiúr seo.





## 1.5 Léarscáil de na 16 chroíchonair bus uile

### Bealaí Roghnaithe

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlas go Baile Phib
5. Baile Bhlainséir go Lár na Cathrach
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Tamhlacht go Tír an Iúir
11. Camaigh go Lár na Cathrach
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. COBÁC, Droichead na Dothra, go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach



# 2. Cad atá ag tarlú le míonna beaga anuas?

**Táthar ag leanúint le han-chuid oibre dearaidh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin i leith. Áirítear na nithe seo a leanas leis an obair sin:**

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Rinneadh dul chun cinn ar dhearaí, áit ar beachtaíodh gnéithe de gach conair, amhail acomhail, ailíniúcháin, stadanna bus, saoráidí rothar agus siúil agus gnéithe ríochta uirbí. Táthar ag leanúint le rannpháirteachas le geallsealbhóirí, lena n-áirítear rannpháirteachas le sealbhóirí tí aonair a bhfuil difear díreach á dhéanamh dóibh. Bhí agus tá rannpháirteachas le geallsealbhóirí agus tuilleadh suirbhéanna mionsonraithe á úsáid mar bhonn eolais leis an dearadh a fhorbairt. Áirítear leo sin seirbhísí faoi thalamh a shainaithint agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chrainn feadh na mbealaí.

Ullmhaíodh dréacht-Tuarascálacha ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe le haghaidh gach Croíchonaire Bus, áit a dtugtar mionsonraí faoi fhorbairt gach conaire ón mBealach is Dealraithí a Roghnófar go dtí an dréacht-Rogha Bhealaigh Roghnaithe. Tá na "dréacht-Tuarascálacha ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe" á bhfoilsiú mar chuid den chomhairliúchán poiblí agus tabharfar chun críche iad tar éis an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí seo agus tar éis an t-aiseolas a gheofar a chur ar áireamh. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

## 2.2 Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Mar chuid den iarratas pleanála atá beartaithe le haghaidh gach conaire, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag ullmhú Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta de réir reachtaíocht reatha na hÉireann agus na hEorpa. Leagfar amach sa doiciméad seo na héifeachtaí a mheastar a bheidh ag an scéim ar an timpeallacht le linn chéim na tógála agus chéim an oibriúcháin. Tá an mheasúnacht sin á déanamh ag speisialtóirí comhshaoil thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair. Mar chuid den mheasúnacht sin, tá staidéir á ndéanamh ag na speisialtóirí sin ar an mbail atá ar an timpeallacht ghlactha faoi láthair laistigh de theorainneacha sainaitheanta na gconairí. Is é atá i gceist leis sin suirbhéanna ar an láithreán a dhéanamh agus staidéar deisce a dhéanamh ar thaifid atá ann cheana. Tráth an chomhairliúcháin phoiblí seo, tá roinnt suirbhéanna agus staidéar ar bun. Déanfar an fhaisnéis a bhaileofar a chomhroinnt leis na dearthóirí teicniúla lena cur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta dearaidh do na hoibreacha bonneagair.

Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin gcur chuige i leith measúnacht timpeallachta le haghaidh gach scéime i ndoiciméad conaire aonair dar teideal "Information on the Proposed Approach to Environmental Assessment". Sa doiciméad sin, tugtar cur síos níos mine ar conas a dhéantar amach méid an tionchair mheasta agus conas a mheasúnófar an tionchar carnach a bheidh ag na croíchonairí bus in aice láimhe agus ag tionscadail tógála eile. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

## 2.3.An Tionchar Iompair

Is ar "ghluaiseacht daoine" in ionad "gluaiseacht feithiclí" ina haonar a dhírítear an mheasúnacht iompair ar thograí na gcroíchonairí bus.  Chun a dhéanamh amach go leordhóthanach cén tionchar a bheidh ann ar an iompar poiblí, ar mhodhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus ar an trácht ginearálta, forbraíodh sraith chuimsitheach samhlacha iompair.

Tugadh faoi shraith fhairsing comhaireamh tráchta go mall sa bhliain 2019 agus go luath sa bhliain 2020. Úsáideadh na sonraí sin agus foinsí eile chun calabrú agus bailíochtú

a dhéanamh ar na samhlacha chun cabhrú leis na croíchonairí bus a mheas. Ar leibhéal straitéiseach, úsáideadh Samhail Réigiúnach an Oirthir chun an deighilt mhódúil a réamh-mheas le haghaidh blianta amach anseo. Ar leibhéal níos beaichte, forbraíodh Samhail Limistéir Áitiúil chun an díláithriú féideartha tráchta a scrúdú. De bhreis air sin, tá samhaltú mionsonraithe á dhéanamh maidir le tástálacha anailíse acomhal agus conairí agus chun a dhéanamh amach cén éifeacht a bheidh ann ar an ngluaiseacht daoine trí gach acomhal agus feadh na conaire í féin.

Áireofar le gach Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta rannán ar an tionchar féideartha tráchta agus iompair a bhaineann le céim na tógála agus céim an oibriúcháin de na croíchonairí bus. Beidh na tuarascálacha seo a leanas mar bhonn eolais leis an measúnacht sin:

- Measúnacht Tionchair Iompair – áireofar léi sin measúnú cuimsitheach ar gach croíchonair bus, áit a bpléifear le gach modh, agus áireofar léi measúnú carnach ar gach conair; agus
- Tuarascáil Samhaltaithe Iompair – tabharfar mionsonraí inti faoi fhorbairt na samhla, faoi na hionchuir shonraí, faoi chalabrú agus bailíochtú agus faoi fhorbairt na samhla réamhaisnéise le haghaidh na dtacar samhlacha a úsáidtear chun tacú leis an measúnacht.



Maidir le dréachtleagan idir lámha de na "Tuarascálacha Samhaltaithe Iompair" le haghaidh gach croíchonaire bus agus maidir le hachoimre ar na torthaí samhaltaithe straitéisigh idir lámha go dtí seo, tá siad á bhfoilsiú mar chuid den chomhairliúchán poiblí agus tabharfar chun críche iad tar éis an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí seo agus tar éis an t-aiseolas a gheofar a chur ar áireamh. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

## 2.4 An Ríocht Uirbeach

I gcomhthráth leis an obair dhearaidh theicniúil ar an ailíniú bóthair a thabhairt chun críche sna trasghearrthacha uirbeacha ar fud na gcroíchonairí bus, rinneadh dul chun cinn freisin ar an bpleanáil le haghaidh tograí dearaidh na Ríochta Uirbí a bheachtú. Tá na dearaí sin á bhforbairt i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla chun a chinntiú go mbeidh siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag díriú ar leagan amach spásanna a thabhairt chun críche, agus breithniú á dhéanamh aige ar mhianlínte (conas is mian le daoine gluaiseacht trí spásanna) agus ar shuíomh an troscáin uirbigh (crainn, boscaí bruscair, mullaird, binsí, seastáin rothar, ráillí, etc.)

Eascraíonn deiseanna le haghaidh an Ríocht Uirbeach a fheabhsú feadh na mbealaí iad féin as na hoibreacha sibhialta/fisiciúla atá ag teastáil chun go gcomhlíonfar an cuspóir atá ag BusConnects maidir le tosaíocht bus agus saoráidí feabhsaithe rothar agus coisithe a sholáthar. I dteannta a chéile, is ionann na croíchonairí bus agus deis le haghaidh tabhairt faoina lán idirghabhálacha leanúnacha ar féidir leo brí ghinearálta a chur sa chathair.

Is feadh na gcroíchonairí bus a leatar na deiseanna le haghaidh an Ríocht Uirbeach a fheabhsú agus ní mór iad a bheith ag freagairt do dhúiche agus comhthéacs ar leith agus iad sin a léiriú. Le linn dúinn na spásanna uirbeacha a dhearadh, beimid ag baint úsáid as ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí a bheidh ag comhlíonadh caighdeán ó thaobh úsáide, marthanachta agus cothabhála de agus ag comhlíonadh riachtanais lorg carbóin.

Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin gcur chuige i leith dhearadh na ríochta uirbí i ndoiciméad dar teideal "BusConnects Urban Realm Concept Design" a foilsíodh mar chuid den chomhairliúchán poiblí. **Tá an doiciméad sin ar fáil le hamharc air agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

## 2.5 Léarscáileanna agus Sceidil i dtaca le Ceannach Éigeantach

I gcomhthráth leis an obair dhearaidh theicniúil, beidh na dearthóirí ag cur tús leis an obair atá i gceist le léarscáileanna éagsúla agus sceidil éagsúla a ullmhú i dtaca le limistéir atá sé beartaithe a fháil faoi phróiseas reachtúil an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Léirítear sna Léarscáileanna sa bhróisiúr seo na Teorainneacha Nua Beartaithe (Fáil Fhéideartha Talún), agus iad curtha in iúl ag línte dearga briste. Tá na teorainneacha sin ina léiriú ar limistéir fhéideartha le haghaidh buan-ordú ceannaigh éigeantaigh agus níl siad tugtha chun críche fós. De réir mar a thugtar léaráidí mionsonraithe chun críche, leanfaidh na dearthóirí le hiarracht a dhéanamh bualadh leis na daoine sin a bhfuil leas acu sna limistéir a mbeifear ag déanamh difear dóibh.

I roinnt cásanna, is féidir go mbeidh sé riachtanach cabhsáin a athailíniú agus/nó tírdhreachú gharraithe tosaigh na maoine a athdhéanamh nó bealaí rochtana gnó agus/nó láithreacha lódála a atheagrú. Is féidir go dtitfidh roinnt de na hoibreacha sin lasmuigh de limistéar an bhuan-ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh sé riachtanach socruithe sealadacha a chur i bhfeidhm chun rochtain le linn tógála a chinntiú ionas go mbeifear in ann na hoibreacha riachtanacha cóiríochta a dhéanamh. Faoi mar atá amhlaidh i bhforbairt an bhuan-ordaithe ceannaigh éigeantaigh, leanfaidh na dearthóirí le hiarracht a dhéanamh bualadh leis na daoine sin a bhfuil leas acu sna limistéir a mbeifear ag déanamh difear dóibh.

## 2.6 An Amlíne le haghaidh Phróiseas na gCroíchonairí Bus

2020 | 2021 | 2022 | 2027

### ENGAGEMENT

**Confirmation of Preferred Route Option**

- Consultation on Preferred Route (Q4 2020)
- Finalisation of Preferred Route (Q1 2021)

**Preparation of Statutory Application**

- Optimise Engineering Design
- Prepare Environmental Impact Assessment Report
- Define property requirements and prepare CPO.

### STATUTORY PROCESS

**An Bord Pleanála Application**

- Submission of Statutory Planning Application to An Bord Pleanála
- Statutory Consultation in accordance with the legislative requirements
- An Bord Pleanála deliberations including an Oral Hearing where required
- An Bord Pleanála to:

**1.** approve the application, approve with conditions, or refuse the application; and

**2.** confirm, amend, or reject the CPO.

### CONSTRUCTION

**Construction Commences on a Phased Basis - Each corridor upgrade will take approximately 2 years to complete**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar mionsonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bhealaigh Roghnaithe atá beartaithe don chroíchonair bus seo. Cuirfear na tograí seo faoin triú babhta neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí agus faoi bheachtú dearaidh agus measúnacht tionchair timpeallachta ina dhiaidh sin sula ndéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas reachtúil chuig an mBord Pleanála ar chead.

Is féidir seomraí fíorúla comhairliúcháin le haghaidh gach ceann de na Croíchonairí Bus a fháil ar **www.busconnects.ie**. Sna seomraí sin, déanfar cur síos ar gach Bealach Roghnaithe ó thús go deireadh le léarscáileanna tacaíochta agus áireofar leo faisnéis faoi na leasuithe uile a rinneadh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin phoiblí i leith, más ann, agus doiciméid tacaíochta eile.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe do thionscadal na gCroíchonairí Bus ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag **www.busconnects.ie**. Tá na bróisiúir uile roimhe faoi na bealaí is dealraithí a roghnófar ar fáil ar an suíomh Gréasáin. Is féidir le húsáideoirí an suíomh a rochtain chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na doiciméid thábhachtacha a íoslódáil.

Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar Líne Shaorghlao thiomnaithe ag **1800 303 653** nó trí ríomhphost a sheoladh chuig **cbc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag iarraidh aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Roghnaithe a leagtar amach sa doiciméad seo. Luaitear ar an suíomh Gréasáin an dáta deiridh ar a nglacfar le haighneachtaí.

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ach scríobh chuig na seoltaí seo:

cbc@busconnects.ie

Croíchonairí Bus BusConnects
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Dún Scéine, Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

## 3.3 Cad é an chéad chéim eile?

Ag teacht sna sála ar an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí, tabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na Roghanna Bealaigh Roghnaithe do na sé chonair déag uile chun críche. Tabharfar dearaí na scéime chun críche agus cuirfear measúnacht tionchair iompair agus measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích. Is é an toradh a bheidh air sin ná go n-ullmhófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta don scéim mar aon le mionsonraí faoin talamh a gheofar. Cuirfear í sin isteach chuig an mBord Pleanála sa bhliain 2021 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.



# 4. Cur Síos ar an mBealach Roghnaithe

## 4.1 Forbhreathnú

Pointe tosaithe na Croíchonaire Bus ó Bhaile Munna go Lár na Cathrach is ea acomhal Bhóthar Bhaile Munna le Bóthar San Maighréad pas beag ó dheas ó Acomhal 4 den M50. Leanann sí bealach feadh Bhóthar Bhaile Munna, Bhóthar Mobhí, Bhóthar Gharraithe na Lus, Bhóthar na Radharc, Bhóthar Bhaile Phib, Chnoc an Bhunreachta agus Shráid an Teampaill chomh fada le Cé Árann, áit a gceanglaíonn sí leis an gcóras bainistíochta tráchta atá ann cheana ar na Céanna Thuaidh.

Tugtar tosaíocht do bhusanna feadh an bhealaigh ar fad, atá comhdhéanta go príomha de lánaí tiomnaithe bus sa dá threo, agus tá sé beartaithe bearta malartacha a thabhairt isteach ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo feadh Bhóthar Mobhí agus Bhóthar Gharraithe na Lus i nGlas Naíon.

Soláthrófar raonta leithscartha rothar feadh fhad iomlán an bhealaigh ón taobh thuaidh go dtí an Chanáil Ríoga pas beag ó dheas ó Choirnéal Uí Airt i mBaile Phib. Tá sé beartaithe rotharbhealach malartach a sholáthar feadh cuid den chonair sa leath dheisceartach ó Choirnéal Uí Airt agus trí Bhaile Phib go ceantar na Margaí de lár iartharach na cathrach.

Déanfar cur síos níos mine sna míreanna seo a leanas ar gach cuid den Chroíchonair Bus. Sainaithneofar iontu na príomhleasuithe dearaidh a cuireadh isteach sa dearadh ó fhoilsiú na Rogha Bealaigh Roghnaithe i mí an Mhárta 2020 i leith.

## 4.2 Bóthar San Maighréad go hAscaill Uí Choileáin – Bóthar Bhaile Munna

Ag an taobh thuaidh, is é acomhal Bhóthar Bhaile Munna le Bóthar San Maighréad pas beag ó dheas ó Acomhal 4 den M50 pointe tosaithe na Croíchonaire Bus.

Idir Bóthar San Maighréad agus Bóthar na Seangán, soláthrófar lána bus, dhá lána tráchta ghinearálta agus raon leithscartha rothar sa dá threo.

Trí Phríomhshráid Bhaile Munna, tá sé beartaithe an bealach a chúngú ó dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin thar chuid 200 m i lár an bhaile idir Bóthar na Seangán agus Corrán an Gheata. D'fhéadfadh sé sin soláthar páirceála lánaimseartha ar an dá thaobh den tsráid agus suas go dtí 50 crann nua a éascú le haghaidh feabhas a chur ar chonláistí lár an bhaile agus ar an timpeallacht fhisiúil.

Idir Corrán an Gheata agus Ascaill Uí Choileáin, soláthrófar lána bus, dhá lána tráchta ghinearálta agus raon leithscartha rothar sa dá threo.

## 4.3 Ascaill Uí Choileáin go hAscaill Uí Ghríofa – Bóthar Bhaile Munna

Idir Ascaill Uí Choileáin agus Ascaill Uí Ghríofa, tá sé beartaithe na lánaí bus agus tráchta ghinearálta ó dheas atá ann cheana a choinneáil agus an bealach a chúngú ó dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin ó thuaidh thar chuid 200 m idir Bóthar Phapáin agus 100 m ó dheas ó Ascaill Uí Choileáin, agus lána bus á choinneáil ag an am céanna. Tá sé beartaithe na saoráidí rothar idir Ascaill Uí Choileáin agus Ascaill Uí Ghríofa a uasghrádú ina raonta leithscartha rothar.
Beidh sé riachtanach tógáil talún a fháil ar cheantair bheaga chun stadanna bus a sholáthar ag roinnt láithreacha feadh na coda seo. Cuirtear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

Tá sé beartaithe freisin 14 spás páirceála ar an tsráid a sholáthar ar an taobh thiar den bhóthar, ó dheas ó Bhunscoil Mhuire na mBuanna.

Tá sé beartaithe cosc a chur ar thiontú ar dheis ó Ascaill Hampstead isteach ar Bhóthar Bhaile Munna. Ní dhéanfar difear don trácht atá ag tiontú ar chlé.

## 4.4 Córas Aontreo Ascaill Uí Ghríofa/Bhóthar Mobhí/Bhóthar Bhaile Munna

Ar an ngéag amach den chóras aontreo seo feadh Bhóthar Bhaile Munna, tá sé beartaithe an líon lánaí tráchta ghinearálta atá ann cheana a choinneáil agus lána bus breise agus raon leithscartha rothar a sholáthar.

Ar an ngéag isteach den chóras aontreo feadh Bhóthar Mobhí Uachtarach, tá sé beartaithe an líon lánaí tráchta ghinearálta a laghdú ó thrí cinn go dhá cheann, rud lena bhfreastalófar ar lána bus. Tá sé beartaithe na crainn atá ann cheana ar an gcuid seo den bhealach a choinneáil agus

beidh an raon rothar atá beartaithe lonnaithe laistiar de na crainn sin, áit a gcúngófar an cosán atá ann cheana de réir mar is gá.

Ar ghéag Ascaill Uí Ghríofa den chóras tráchta aontreo, tá sé beartaithe lána tráchta amháin atá ann cheana a iompú ina lána bus, rud a fhágfaidh nach mbeidh sé riachtanach an bóthar a leathnú agus na crainn uile atá ann cheana a bhaint, mar a léiríodh roimhe seo. Soláthrófar raon rothar in aghaidh an tsrutha soir feadh na coda seo den bhóthar chun nach mbeidh ar rothaithe an córas aontreo timpeall an oileáin lárnaigh a leanúint.

Tá sé beartaithe páirt-oibríocht tráchta dhá threo a athrú ar an taobh thiar agus an taobh theas de chóras gíorálach Ascaill Uí Ghríofa. Is é an toradh a bheidh air sin ná go bhfreastalófar ar lána bus ó dheas ar Bhóthar Mobhí Uachtarach agus go mbainfear trácht atá ag tiontú ar chlé isteach ar Ascaill Uí Ghríofa soir, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht rothaithe agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán an tráchta.

## 4.5 Ascaill Uí Ghríofa go Bóthar Fhionnghlaise (Coirnéal Uí Airt) – Bóthar Mobhí, Bóthar Gharraithe na Lus

Maidir leis an trácht a chuirfear ar mhalairt slí de bharr an Gheata Bus bheartaithe ó thuaidh ar Bhóthar Mobhí, treorófar é siar feadh Chnoc Ghlas Naíon, Sheanbhóthar Fhionnghlaise, Bhailtíní Chríoch Mhór agus Ascaill Uí Ghríofa chun athcheangal le Bóthar Bhaile Munna.

Fágfaidh sé sin go gcoinneofar geall le gach ceann de na crainn fhásta atá ann cheana feadh Bhóthar Mobhí. Is teoranta a bheidh na hoibreacha beartaithe feadh Bhóthar Mobhí idir Ascaill Uí Ghríofa agus an Tulcha. Beidh siad comhdhéanta de raonta rothar breise a sholáthrófar laistiar de na crainn atá ann cheana, a gcoinneofar gach ceann díobh. Chun freastal ar na hoibreacha sin, cúngófar an cosán atá ann cheana de réir mar is gá.

Idir Droichead na Tulchann agus acomhal Ascaill Gharraithe na Lus, coinneofar an pháirceáil carr agus na crainn atá ann cheana ar an taobh thoir den bhóthar. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach an taobh thiar a leathnú chun freastal ar raon rothar breise ó dheas, áit a mbainfear ceithre chrann atá ann cheana. Athsholáthrófar na crainn sin le crainn nua a chuirfear sa limistéar glas tadhlach.

Ón acomhal le hAscaill Gharraithe na Lus go dtí an t-acomhal le Bóthar Gharraithe na Lus agus Bóthar an Ghoirt Aoibhinn, tá sé beartaithe raonta rothar a sholáthar laistiar de na crainn atá ann cheana, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an chuid is mó de na crainn atá ann cheana a choinneáil.

Cúngófar na cosáin leathana atá ann cheana chun freastal ar na raonta rothar. Beidh lána tráchta ghinearálta ó thuaidh ann in ionad lána bus. Fágfaidh sé sin nach mbeidh ar thrácht rochtana áitiúla dul ar mhalairt slí isteach ar shráideanna áitiúla eile.

Tá sé beartaithe bearta bainistíochta tráchta a thabhairt isteach ar Chéide Mobhí lena srianfar an tréthrácht siar amháin.

## 4.6 Bealach Atreoraithe Tráchta amach ó Bhóthar Mobhí

Maidir leis an tréthrácht ó thuaidh a chuirfear ar mhalairt slí amach ó Bhóthar Mobhí de bharr an Gheata Bus atá beartaithe ag acomhal Ascaill Uí Ghríofa, beidh an bealach malartach lonnaithe ó Choirnéal Uí Airt i mBaile Phib feadh Bhóthar Fhionnghlaise. Leanfaidh an bealach ar aghaidh feadh chuarbhealach an R102 trí Sheanbhóthar Fhionnghlaise, Eastát na Tulchann agus Ascaill Uí Ghríofa chun ceangal le Bóthar Bhaile Munna thar achar 3.3 km. Is fad é sin atá 1.5 km níos faide ná an bealach díreach atá ann cheana feadh Bhóthar Mobhí. Leanann an bealach atreoraithe na bóithre réigiúnacha malartacha is oiriúnaí ar féidir leo freastal ar an trácht ar mhalairt slí.

## 4.7 Sráidbhaile Ghlas Naíon go Bóthar Bhaile Munna

Ag an acomhal idir Bóthar Gharraithe na Lus, Ascaill Gharraithe na Lus agus Cnoc Ghlas Naíon, déanfar feabhsuithe ar an ríocht uirbeach chun na ceantair choisithe a leathnú tríd an acomhal bóithre a chúngú. De bhreis ar fheabhas a chur ar an leagan amach do choisithe, cruthóidh an obair sin suíomh feabhsaithe do Shráidbhaile Ghas Naíon ag Eaglais Ghlas Naíon, mar aon le ró áitreabh tráchtála.

Siar ó Bhóthar Mobhí, srianfar cuid ghearr de Bhóthar Bhaile Munna Íochtarach idir Ascaill Claremount agus Ascaill an Teampaill ina lána tráchta ghinearálta aontreo ó dheas, áit a bhfuil an bóthar róchúng chun freastal ar thrácht dhá threo agus ar pháirceáil ar an tsráid, rud a chuirfear ar bhonn foirmiúil chun freastal ar riachtanais pháirceála na gcónaitheoirí.

## 4.8 Bóthar an Ghoirt Aoibhinn go Bealach na Radharc

Ar Bhóthar Gharraithe na Lus, uasghrádófar na lánaí rothar atá ann cheana ina raonta leithscartha rothar. Trí úsáid a bhaint as Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí, soláthrófar lána bus ó thuaidh ar feadh fad níos giorra ag an taobh theas, áit ar féidir an bóthar a leathnú ag iar-áitreabh tionsclaíoch ar an taobh thoir. Tabharfar tosaíocht do bhusanna ó dheas trí úsáid a bhaint as Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí.

## 4.9 Bealach na Radharc (Coirnéal Uí Airt) go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh (Coirnéal Uí Dhúill)

Ar Bhealach na Radharc, tá sé beartaithe an lána bus a choinneáil agus dhá lána tráchta ghinearálta a laghdú ina lána tráchta amháin. Is é an toradh a bheidh air sin ná go bhfreastalófar ar raon rothar dhá threo ar an taobh thuaidh lasmuigh de na crainn atá ann cheana. Coinneofar na crainn sin. Mar thoradh ar an raon rothar sin, beidh rothaithe in ann córas tráchta aontreo Choirnéal Uí Airt a sheachaint agus beidh nasc siar ann chuig Croíchonair Bus Fhionnghlaise.

Leanfaidh raon leithscartha rothar dhá threo feadh an taoibh thoir de Bhóthar na Radharc go dtí an Chanáil Ríoga, áit a leathnóidh an rotharbhealach go Bruach na Canálach Ríoga, agus Sráidbhaile Bhaile Phib á sheachaint. Cuirfidh sé sin ar chumas rothaithe dul timpeall an taoibh thuaidh agus an taoibh thoir de Choirnéal Uí Airt, agus iad lán-leithscartha ón trácht. Laghdófar an leagan amach atá ann cheana, atá comhdhéanta de lána bus agus de dhá lána tráchta, ina lána bus agus ina lána

tráchta aonair feadh Bhóthar na Radharc ó Bhealach na Radharc go Bóthar Lindsay.

Idir Bóthar Lindsay agus an Cuarbhóthar Thuaidh, freastalóidh Bóthar Bhaile Phib ar lána bus agus ar lána tráchta ghinearálta sa dá threo. Níl go leor spáis ann do raonta rothar, áfach. Ina ionad sin, beidh rothaithe in ann bealach Bhruach na Canálach Ríoga a úsáid chun nach mbeidh siad ag comhroinnt an lána bus.

Leathnófar ar an taobh thoir an droichead iarnróid ó thuaidh atá ann cheana ar Bhóthar Bhaile Phib agus soláthrófar droichead coisithe nua feadh Líne Iarnróid Cheantar na nDugaí idir Bóthar Whitworth agus an Chanáil Ríoga. Ag Droichead na gCrosghunnaí, coigeartófar leagan amach an bhóthair chun an cosán a leathnú ar an taobh thiar.

Soláthrófar droichead coisithe nua thar an gCanáil Ríoga ag Bruach na Canálach Ríoga chun na rotharbhealaí a cheangal ag an láthair seo.

Soláthrófar droichead nua faoin gCuarbhóthar Thuaidh, áit a mbíodh seandroichead ann thar sporbhealach na Canálach Ríoga go dtí an Chloch Leathan. Fágfaidh sé sin go mbeidh rothaithe agus coisithe in ann dul faoin tsráid agus nach mbeidh sé riachtanach trasrian bóthair a thabhairt isteach.

Tá sé beartaithe feabhsuithe a dhéanamh ar an ríocht uirbeach i Sráidbhaile Bhaile Phib, ar dá mbarr a leathnófar an tsráid ag an ionad siopadóireachta ar an taobh thiar le haghaidh lánaí bus sa dá threo, cosáin níos faide agus crainn sráide nua. Ar Bhóthar Bhaile Phib idir an Chanáil Ríoga ag Droichead na gCrosghunnaí

## 4.10 An Cuarbhóthar Thuaidh (Coirnéal Uí Dhúill) go Cé Árann

De bharr srianta leithid ó dheas ón acomhal idir an Cuarbhóthar Thuaidh agus Bóthar Bhaile Phib (Coirnéal Uí Dhúill), ní bheidh an lána bus ó thuaidh ina lána leanúnach thar chuid ghearr, áit a soláthrófar Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí ar an mbóthar isteach. Níos faide ó dheas ón acomhal sin, freastalóidh Bóthar Bhaile Phib ar dhá lána bus agus ar dhá lána tráchta ghinearálta.

Feadh Chnoc an Bhunreachta, soláthrófar raon rothar dhá threo feadh an taoibh thoir den tsráid chun ceangal ó Bhealach an Iarthair agus ón gCloch Leathan go Sráid Chúil Raithin. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann leanúint leis an rotharbhealach ó dheas feadh sráideanna ciúine trí Cheantar na Margaí chun an Life a shroicheadh soir ó Dhroichead Shráid an Teampaill.

Tiocfaidh an lána bus ó dheas chun deiridh ag an acomhal le Sráid an Rí Thuaidh. Coinneofar tosaíocht do bhusanna trí Thosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí. Athbhunófar an lána bus ó dheas ag an acomhal le Lána Mhuire. Ceanglóidh an Chroíchonair Bus atá beartaithe leis an ngréasán bóithre atá ann cheana ag Cé Árann.

## 4.11 Idirghníomhaíocht le MetroLink

Idirghníomhóidh an Scéim MetroLink atá beartaithe leis an gconair bus seo ag cúig láthair: Bóthar Whitworth (Stáisiún Metro Ghlas Naíon atá beartaithe), Bóthar Mobhí (Stáisiún

Metro Pháirc Uí Ghríofa atá beartaithe) agus trí láthair feadh Bhóthar Bhaile Munna (Ascaill Uí Choileáin, Stáisiún Metro Bhaile Munna agus Stáisiún Metro na Coille Thuaidh). Déanfar na hathruithe beartaithe ar leagan amach na sráide sna láithreacha sin a chomhordú leis na Stáisiúin Metro atá beartaithe.



## 4.12 Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe a Foilsíodh i mí an Mhárta 2020

- Trí Phríomhshráid Bhaile Munna, tá sé beartaithe an bealach a chúngú ó dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin thar chuid 200 m i lár an bhaile idir Bóthar na Seangán agus Corrán an Gheata. D'fhéadfadh sé sin soláthar páirceála lánaimseartha ar an dá thaobh den tsráid agus suas go dtí 50 crann nua a éascú le haghaidh feabhas a chur ar chonláistí lár an bhaile agus ar an timpeallacht fhísiúil;

- Idir Ascaill Uí Choileáin agus Ascaill Uí Ghríofa, tá sé beartaithe na lánaí bus agus tráchta ghinearálta ó dheas atá ann cheana a choinneáil agus an bealach a chúngú ó dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin ó thuaidh thar chuid 200 m idir Bóthar Phapáin agus 100 m ó dheas ó Ascaill Uí Choileáin, agus lána bus á choinneáil ag an am céanna;

- Tá sé beartaithe 14 spás páirceála ar an tsráid a sholáthar ar an taobh thiar den bhóthar, ó dheas ó Bhunscoil Mhuire na mBuanna;

- Tá sé beartaithe páirt-oibríocht tráchta dhá threo a athrú ar an taobh thiar agus an taobh theas de chóras gíorálach Ascaill Uí Ghríofa. Is é an toradh a bheidh air sin ná go bhfreastalófar ar lána bus ó dheas ar Bhóthar Mobhí Uachtarach agus go mbainfear trácht atá ag tiontú ar chlé isteach ar Ascaill Uí Ghríofa soir, rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht rothaithe agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán an tráchta;

- Tá sé beartaithe bearta bainistíochta tráchta a thabhairt isteach ar Chéide Mobhí lena srianfar an tréthrácht siar amháin;

- Modhnaíodh láithreacha stad bus sa togra leasaithe seo – rinneadh roinnt stadanna bus a athlonnú nó a bhaint chun spásáil níos fearr idir stadanna a bhaint amach, agus á chinntiú ag an am céanna go bhfuil gach stad lonnaithe sa láthair is fearr chun freastal ar na comharsanachtaí mórthimpeall. Toradh eile a bheidh ar na tograí seo is ea go gcinnteofar oibríocht gréasáin bhus níos éifeachtúla. Cuirtear i láthair i líníochtaí san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo na stadanna a sainaithníodh le haghaidh athlonnú.

## 4.13 Eochairfhíricí

| | |
|---|---|
| An neaslíon maoine a bhféadfadh go ndéanfaí difear dóibh | **9** |
| An neaslíon spásanna páirceála ar an tsráid a d’fhéadfaí a bhaint | **36** |
| An neaslíon crann a d’fhéadfaí a bhaint | **30** |
| Neasfhad an bhealaigh: | **6.8km** |
| Neasfhad an rotharbhealaigh: | **7.5km** |
| An t-aga turais bhus faoi láthair: | **Suas go dtí 45 nóiméad** |
| Aga turais BusConnects: | **20-25 nóiméad** |
| An t-aga turais bhus sa todhchaí in éagmais BusConnects: | **55+ nóiméad** |

# 5. An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Croíchonair Bus:

Cuid de Chlár foriomlán BusConnects is ea 16 chroíchonair ghathacha bus a chruthú. Is é is croíchonair bus ann ná bóthar atá ann cheana lena ngabhann tosaíocht bus chun go mbeidh busanna in ann oibriú ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Is é atá i gceist leis sin go ginearálta ná lánaí tiomnaithe bus ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó bearta eile a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú nach moillítear busanna sa phlódú tráchta ghinearálta. Beidh na lánaí bus le taobh lánaí/raonta leithscartha rothar nuair is indéanta agus le taobh an tráchta ghinearálta.

## 2. Raonta Leithscartha Rothar:

Is é is raon leithscartha rothar ann ná cuid leithleach den bhóthar atá tiomnaithe don rothaíocht amháin. Is gnách go mbíonn an spás sin leithlisithe ón trácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. In áiteanna nach féidir go fisiciúil raonta leithscartha rothar a sholáthar iontu, beidh an rogha ann bóithre ciúine agus rothaíocht chomhroinnte ar bhóithre luais laghdaithe a thabhairt isteach do rothaithe.

## 3. An Bealach is Dealraithí a Roghnófar:

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair sracphleananna le haghaidh gach ceann de na 16 Chroíchonair Bus i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil sa bhliain 2018/2019. Tugadh na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar ar na roghanna, a raibh roinnt foroghanna acu i gcásanna áirithe, chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil an bhóthair nuair a bheadh an bonneagar riachtanach Croíchonairí Bus i bhfeidhm. Áiríodh leo an tionchar féideartha ar gharraithe tosaigh agus athruithe dóchúla ar an dóigh a n-oibreoidh an trácht chun freastal ar thosaíocht bus.

## 4. An Rogha Bhealaigh Roghnaithe:

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na 16 Bhealach is Dealraithí a Roghnófar, rinneadh tograí na gcroíchonairí bus a athbhreithniú agus a leasú. Tá siad á gcur i láthair mar Rogha Bhealaigh Roghnaithe agus cuirfear iad faoi bhabhta breise comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil.

Ní tograí críochnúla iad toisc go gcuirfear iad faoi thuilleadh breithniúcháin ón mbabhta comhairliúcháin phoiblí sin agus faoi scrúdú ina dhiaidh sin i gcomhthéacs na measúnachta tionchair timpeallachta.

## 5. Geata Bus




Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála. Éascaíonn sé tosaíocht bus toisc go mbaintear an tréthrácht ginearálta feadh an bhóthair fhoriomláin a bhfuil an geata bus lonnaithe air. Úsáidtear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú dul ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach. Chun amharc ar ghearrthóg bheochana ina léirítear conas a oibreoidh Geata Bus, téigh chuig ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**.

## 6. Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí:

Baintear úsáid le Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí as comharthaí tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna leanúint ar aghaidh roimh an trácht eile ar chodanna de bhóithre lána amháin. De ghnáth, ní bhíonn sé éifeachtach ach ar feadh faid ghearra. Tagann sé sin chun cinn de ghnáth in áiteanna nach féidir leanúint le lána bus iontu de bharr baic ar an mbóthar. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge toisc gurb ann d'fhoirgnimh nó struchtúir nach féidir iad a bhaint chun an bóthar a leathnú ar mhaithe le spás a sholáthar do lána bus. Oibríonn Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha tráchta (ag acomhail de ghnáth), áit a stoptar an lána bus agus an trácht ginearálta ag an gcomhartha chun cead a thabhairt don bhus dul tríd an gcuid chúng ar dtús. Tar éis don bhus dul tríd, ceadaítear don trácht ginearálta dul trí na soilse ansin. Chun amharc ar ghearrthóg bheochana ina léirítear conas a oibreoidh Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí, téigh chuig ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a bhfuil mar chuspóir leis coisithe agus rothaithe a chumasú an bóthar a thrasnú trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha a bhfuil dearadh cuspóireach acu.

## 8. Socraíocht Sráide Ciúine:

In áiteanna nach féidir le leithid bhóthair na Croíchonaire Bus freastal ar rothaithe iontu gan difear mór á dhéanamh do thosaíocht bus ag an am céanna, fiosraítear rotharbhealaí malartacha ar feadh faid ghearra amach ó bhealach bus na Croíchonaire Bus. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin. Tugtar Sráideanna Ciúine orthu de bharr an mhéid ísil tráchta ghinearálta atá orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach don bhóthar a bheith á chomhroinnt ag rothaithe agus ag an trácht ginearálta, gan aon ghá a bheith ann le raonta leithscartha rothar ná lánaí péinteáilte rothar a chur le chéile. Is é a bheadh i gceist leis an tSocraíocht Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí do na húsáideoirí ginearálta bóithre agus do rothaithe araon.

## 9. An Ríocht Uirbeach:

Is é is an Ríocht Uirbeach ann ná na gnáthspásanna sráide a n-úsáideann daoine iad chun trasnú, siopadóireacht a dhéanamh, sóisialú agus súgradh agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht nó dul chun na hoibre nó amach aisti. Cuimsítear sa Ríocht Uirbeach na sráideanna, na cearnóga, na hacomhail agus na cearta slí eile uile i gceantair chónaithe, thráchtála agus úsáide sibhialta, mar aon le suíocháin, le crainn agus le feabhsuithe eile. In áiteanna ina bhfuil an Ríocht Uirbeach dea-dheartha agus leagtha amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sí feabhas ar ghnáthshaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine sin atá ag taisteal tríthi.

**Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí**



1. Leanann an trácht ar aghaidh mar is gnách.



2. De réir mar a thagann an bus i bhfoisceacht, athraíonn an comhartha solais chun an trácht ginearálta a stopadh.



3. Tá tosaíocht ag an mbus leanúint ar aghaidh.



4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, leanann an trácht ginearálta ar aghaidh.



# 6. Aguisíní

Léarscáileanna innéacs
Léarscáileanna bealaigh






TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.

## Léarscáil Innéacs ar Lean






© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.

## LÉARSCÁIL 1: Bealach Roghnaithe




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
COULTRY ROAD
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
SHANGAN ROAD
BALLYMUN CIVIC CENTRE
BALLYMUN MAIN STREET
BALLYMUN CAR PARK
SILLOGE ROAD
INDICATIVE METROLINK BALLYMUN STATION
BALBUTCHER LANE
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
Hotel
Ballymun Civic Centre
Car Park
Ballymun Shopping Centre
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE


R108
BUS


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
BALLYMUN CIVIC CENTRE
TRINITY COMPREHENSIVE SECONDARY SCHOOL
SHANLISS ROAD
SILLOGE ROAD
GATEWAY CRESCENT
GATEWAY AVENUE
GATEWAY VIEW
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012) EXISTING
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m min FOOTPATH (variable)
2.0m VERGE
2.0m CYCLE TRACK
3.0m TRAFFIC LANE
0.8m MEDIAN
3.0m BUS LANE
3.0m TRAFFIC LANE
(variable) MEDIAN
3.0m TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
3.0m PARKING
0.8m MEDIAN
2.0m CYCLE TRACK
2.0m VERGE
2.0m min FOOTPATH (variable)


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
SHANLISS ROAD
BALLYMUN LIBRARY
BALLYMUN ROAD
COLLINS AVENUE
GLASNEVIN AVENUE
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
Stormanstown House
Ballymun Adult Education School
Sports Surface
Library
Clubhouse
Tennis Court
Tennis Ground
Car Park
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE

## LÉARSCÁIL 5: Bealach Roghnaithe



## LÉARSCÁIL 6: Bealach Roghnaithe







© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


Ballymun
LÁNA
BUS


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
HAMPSTEAD AVENUE
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
THE RISE
TOUCAN CROSSING
ST. MOBHI ROAD
BALLYMUN ROAD
GRIFFITH AVENUE
NO STRAIGHT AHEAD (RUS 011)
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED NORTHBOUND BUS GATE HERE, NO THROUGH GENERAL TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
DCU SPORTSGROUNDS
GLASNEVIN TENNIS CLUB
TOUCAN CROSSING
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
BALLYMUN ROAD
GRIFFITH AVENUE
Health Centre
Saint Michael's Special National School
Saint Michael's House Special National School
Saint Michael's Special National School
Ballymun Local Centre
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
TYPICAL CROSS SECTION
EXISTING TREES RETAINED
FOOTBALL PITCH
2.0m min FOOTPATH (variable)
1.5m CYCLE TRACK
1.0m min GREEN VERGE (variable)
3.0m TRAFFIC LANE
3.0m TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.0m min GREEN VERGE (variable)
2.3m CYCLE TRACK
2.3m FOOTPATH
CLG NA FIANNA
HOME FARM FOOTBALL CLUB
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
INDICATIVE METROLINK GRIFFITH PARK STATION
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXCEPT LOCAL ACCESS
ST. MOBHI ROAD
TIE INTO EXISTING SHARED PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITY (3.0m)
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
ST. MOBHI DRIVE
SPORTS CLUB
BOTANIC AVENUE
ST MOBHI GROVE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE


St Mobhi Rd
LÁNA BUS

## LÉARSCÁIL 7A: Bealach Roghnaithe




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
RIVER GARDENS
NEW PEDESTRIAN CROSSING
SPEED CONTROL
SPEED CONTROL
GLASNEVIN HILL
LOADING BAY
BEECHMOUNT
SPEED-CONTROL
CHURCH AVENUE
ONE-WAY SECTION
ST DAVID'S TERRACE
BALLYMUN ROAD
GLASNEVIN HILL
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.

## LÉARSCÁIL 9A: Bealach Roghnaithe




McMahon's
BARBER
BARBER


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE
BOTANIC AVENUE
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012)
EXCEPT LOCAL ACCESS
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013)
ST MOBHI GROVE
REFER TO MAP 18 FOR ALTERNATIVE TRAFFIC ROUTES - ST. MOBHI ROAD
FAIRFIELD ROAD
ADVANCE SIGN FOR BUS GATE
NO LEFT TURN SIGN (RUS 013) EXISTING
30kph TRAFFIC CALMING ZONE
BOTANIC ROAD
CLIFTONVILLE ROAD
DIVERTED TRAFFIC NORTHBOUND
MARGUERITE ROAD
ST TERESA'S ROAD
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
PRIMARY CYCLE ROUTE FOLLOWS QUIET STREETS ROUTING (VEHICLE ACCESS NOT ALTERED)
QUIET STREET TREATMENT
NEW BRIDGE
EXCEPT CYCLISTS
ROYAL CANAL BANK
WHITWORTH ROAD
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
NEW BRIDGE
LINDSAY GROVE
EXISTING BRIDGE TO BE WIDENED
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012) 07:00 - 10:00 16:00 - 19:00 MON - SAT EXISTING
ENNISKERRY ROAD
PROSPECT ROAD
ROYSE ROAD
DEVERY'S LANE
WESTMORELAND BRIDGE
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012) EXISTING
INDICATIVE GLASNEVIN METROLINK STATION
PHIBSBOROUGH ROAD
LEINSTER STREET NORTH
MUNSTER STREET
NO RIGHT TURN SIGN (RUS 012) EXISTING
CONNAUGHT STREET
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
Phibsboro Shopping Centre
Recreational Complex
BAR SCALE
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)


BUS

## LÉARSCÁIL 13: Bealach Roghnaithe




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
BLESSINGTON STREET BASIN
QUIET STREET TREATMENT
ROYAL CANAL BANK
BLESSINGTON STREET PARK
PRIMARY CYCLE ROUTE FOLLOWS QUIET STREETS ROUTING (VEHICLE ACCESS NOT ALTERED)
KINGS INN STREET
BOTHAR BHAILE PHIB
KING'S INNS COURT
WHITE'S LANE NORTH
PHIBSBOROUGH ROAD
ROYAL CANAL TERRACE
PROPOSED PEDESTRIAN CROSSING
ALL SAINTS CHURCH
MCGOWAN'S
PHIBSBOROUGH FIRE STATION
BROADSTONE BUS DEPOT
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
UPGRADE EXISTING PEDESTRIAN CROSSING TO TOUCAN CROSSING
QUIET STREET TREATMENT
ANNE ST NORTH
LINENHALL STREET
QUIET STREET TREATMENT
COLERAINE STREET
KINGS STREET NORTH
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
CHURCH STREET UPPER
CATHERINE LANE NORTH
BRUNSWICK STREET NORTH
KINGS STREET NORTH
PROPOSED BUS PRIORITY SIGNAL
NICHOLAS AVENUE
STIRRUP LANE
NEW STREET NORTH
CHURCH TERRACE
BERESFORD STREET
The Hardwicke Apts.
Chancery Hall Apts.
The Old Distillery
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
BAR SCALE

© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2020/OSi_NMA_180 National Transport Authority.




**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)

## LÉARSCÁIL 17A: Bealach Roghnaithe




LOCAL ALTERNATIVE TRAFFIC ROUTES - ST. MOBHI ROAD
BALLYMUN
PHIBSBOROUGH
INBOUND TRAFFIC ONLY
INBOUND TRAFFIC ONLY
NORTHBOUND BUS GATE
SOUTHBOUND TRAFFIC ONLY BETWEEN CLAREMONT AVE AND CHURCH AVE
DIVERTED TRAFFIC OUTBOUND
BON SECOURS HOSPITAL
ADVANCE SIGN FOR BUS GATE BUSES, TAXIS, CYCLISTS AND LOCAL ACCESS ONLY
EXCEPT LOCAL ACCESS
GRIFFITH AVENUE
STELLA AVENUE
HOMEFARM ROAD
ST. MOBHI ROAD
BALLYMUN ROAD
CHURCH AVENUE
ST DAVIS TERRACE
BEECHMOUNT CT
CLAREMONT AVENUE
RIVER GARDENS
ST. MOBHI DRIVE
BOTANIC AVENUE
ST. MOBHI GROVE
BOTANIC ROAD
BOTANIC VILLAS
GLASNEVIN HILL
OLD FINGLAS ROAD
CREMORE VILLAS
LEGEND:
CORE BUS CORRIDOR
THROUGH TRAFFIC
BUS GATE SECTION
LOCAL ROADS NETWORK
ONE WAY SECTION
LOCAL ACCESS SECTION
NO GENERAL TRAFFIC PERMITTED IN THE DIRECTION INDICATED
NORTHBOUND THROUGH TRAFFIC WILL BE DIRECTED AT HART'S CORNER TO FOLLOW AN ALTERNATIVE ROUTE VIA FINGLAS ROAD , OLD FINGLAS ROAD, TOLKA ESTATE AND GRIFFITH AVENUE
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082120 National Transport Authority.

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

National Transport Authority

Harcourt Lane,
Dun Sceine,
Dublin 2.

D02 WT20

Project Ireland 2040
*Building Ireland's Future*